Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**9673/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0128 (COD)**

**TRANS 217**
**CODEC 928**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 280 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 6 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras ríomhbhailiúcháin dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain táillí bóthair a íoc san Aontas (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 280 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 6 ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2017) 280 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 6

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2017
COM(2017) 280 final

ANNEXES 1 to 6

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras ríomhbhailiúcháin dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain táillí bóthair a íoc san Aontas (athmhúnlú)**

{SWD(2017) 190 final}
{SWD(2017) 191 final}
{SWD(2017) 192 final}
{SWD(2017) 193 final}

↓ Ceartúchán, IO L 200, 7.6.2004, lch. 50 (oiriúnaithe)

# IARSCRÍBHINN I

**Ítimí is gá chun ~~seirbhís Eorpach ríomhbhailiúcháin dolaí~~ ⌦ SERD ⌫a shainiú agus a chur chun feidhme**

Tá na gnóthaí a liostaítear thíos bunriachtanach le ~~seirbhís Eorpach ríomhbhailiúcháin dolaí~~ ⌦ SERD ⌫ a bunaíodh faoin Treoir a shainiú agus a chur chun feidhme. Déantar dealú sna gnóthaí sin idir saincheisteanna teicniúla, saincheisteanna nós imeachta agus saincheisteanna dlí:

Saincheisteanna teicniúla:

(a) nósanna imeachta oibriúcháin le haghaidh na seirbhíse: liostáil, treoracha maidir lena húsáid, trealamh ar bord a shuiteáil agus a fheistiú i bhfeithiclí, idirbhearta a phróiseáil i stáisiúin dola nó le haghaidh muirear a ghearradh ar bhonn leanúnach, nósanna imeachta maidir le sonraí idirbhirt i gcás cliseadh nó mífheidhmiú trealaimh, córais rialúcháin, sonrascadh agus suimeanna dlite a bhailiú, seirbhís iardhíola, cúnamh do chustaiméirí, leibhéal na seirbhíse a thairgtear do chustaiméirí a shainiú; nuair a bheidh na nósanna imeachta oibriúcháin sin á leagan síos, cuirfear na nósanna imeachta atá sna Ballstáit cheana san áireamh;

(b) sonraíochtaí feidhmiúla na seirbhíse: tuairisc ar fheidhmeanna an trealaimh ar bord agus ar fheidhmeanna an trealaimh thalamhbhunaithe;

(c) sonraíochtaí teicniúla trealaimh thalamhbhunaithe agus trealaimh ar bord a tacaíonn leis an tseirbhís, agus na caighdeáin, na nósanna imeachta deimhniúcháin agus na srianta atá le comhlíonadh;

(d) obair maidir leis an tseirbhís a sheoladh agus obair leantach ina mbeidh na comhlachtaí caighdeánaithe ábhartha rannpháirteach, agus aon bhreisiúcháin theicniúla leis na caighdeáin nó na réamhchaighdeáin a úsáidtear, chun idir-inoibritheacht a áirithiú,

(e) sonraíochtaí maidir le trealamh ar bord a shuiteáil;

(f) samhlacha idirbheart: algartaim idirbheart a shainiú go beacht le haghaidh gach cineáil dhifriúil dola (dolaí pointe shocraithe nó gearradh leanúnach muirear), agus na sonraí a shainiú a mhalartaítear idir trealamh ar bord agus trealamh talamhbhunaithe agus formáidí na sonraí sin a shainiú;

(g) socruithe chun trealamh ar bord a bheith le fáil d'fhonn freastal ar éileamh na n-úsáideoirí leasmhara uile;

Saincheisteanna nós imeachta:

(h) nósanna imeachta maidir le fíorú a dhéanamh ar fheidhmíocht theicniúil trealaimh ar bord, ar threalamh ar thaobh an bhóthair agus ar an tslí a ndéantar an trealamh a shuiteáil i bhfeithiclí;

(i) paraiméadair maidir le feithiclí a aicmiú: fíorú a dhéanamh ar liosta ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ de pharaiméadair theicniúla as a roghnóidh gach Ballstát na cinn sin is mian leis a úsáid le haghaidh a bheartais maidir le muirir a ghearradh. Is iad tréithe fisiceacha na bhfeithiclí, tréithe inneall agus tréithe comhshaoil na bhfeithiclí a bheidh sna paraiméadair sin. Is faoi chúram na mBallstát féin a bheidh sé aicmí feithiclí a leagan síos a bheidh bunaithe ar na paraiméadair sin;

(j) nósanna imeachta maidir le déileáil le cásanna ar leith, amhail aon chineál mífheidhmithe, a chur chun feidhme. Baineann sé sin go háirithe le cásanna inarb as tíortha difriúla do na hoibreoirí dolaí bóthair agus don chustaiméir;

Saincheisteanna dlí:

(k) fíorú a dhéanamh ar na réitigh theicniúla roghnaithe maidir le rialacha an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ chun saoirsí agus cearta bunúsacha daoine aonair a chosaint, lena n-áirítear a bpríobháideacht ⌦ agus cosaint sonraí pearsanta ⌫ . Go háirithe, is gá a áirithiú go gcomhlíonfar ~~Treoir 95/46/CE~~ Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE;

(l) comhrialacha neamh-idirdhealaitheacha agus íoscheanglais neamh-idirdhealaitheacha a shocrú ar cheart do sholáthraithe seirbhíse ionchasacha a urramú le linn an tseirbhís a sholáthar;

(m) féachaint an féidir na rialacha forfheidhmiúcháin a chomhchuibhiú maidir le dolaí leictreonacha bóthair;

(n) meabhrán tuisceana idir oibreoirí dolaí bóthair, lena gcuirfear ar a gcumas ~~seirbhís Eorpach ríomhbhailiúcháin dolaí~~ ⌦ SERD ⌫ a chur chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta réitithe coinbhleachtaí.

⇩ nua

# IARSCRÍBHINN II

**EILIMINTÍ SONRAÍ IS GÁ CHUN AN CUARDACH UATHOIBRITHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6(1) A DHÉANAMH**

| Ítim | É/R[1] | Tráchtaí |
|---|---|---|
| Sonraí a bhaineann leis an bhfeithicil | É | |
| Ballstát an chlárúcháin | É | |
| Uimhir chlárúcháin | É | (A[2]) |
| Sonraí faoin mainneachtain táille bóthair a íoc | É | |
| An Ballstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain táille bóthair a íoc | É | |
| Dáta tagartha na mainneachtana táille bóthair a íoc | É | |
| Am tagartha na mainneachtana táille bóthair a íoc | É | |

1 É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach

2 Cód comhchuibhithe, féach Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57).

## EILIMINTÍ SONRAÍ ARNA SOLÁTHAR DE THORADH AN CHUARDAIGH UATHOIBRITHE ARNA DHÉANAMH DE BHUN AIRTEAGAL 6(1)

### Cuid I. Sonraí a bhaineann le feithiclí

| Ítim | É/R[3] | Tráchtaí |
|---|---|---|
| Uimhir chlárúcháin | É | |
| Uimhir fonnaidh/UAF | É | |
| Ballstát an chlárúcháin | É | |
| Déanamh | É | (D.1[4]) e.g. Ford, Opel, Renault |
| Cineál tráchtála na feithicle | É | (D.3) e.g. Focus, Astra, Megane |
| Cód Catagóire AE | É | (J) e.g. móipéidí, gluaisrothair, gluaisteáin |

### Cuid II. Sonraí a bhaineann le húinéirí nó sealbhóirí na bhfeithiclí

| Ítim | É/R[5] | Tráchtaí |
|---|---|---|
| Sonraí a bhaineann le sealbhóirí na feithicle | | (C.1[6])<br><br>Baineann na sonraí le sealbhóir an deimhnithe clárúcháin ar leith. |
| Ainm (cuideachta) na sealbhóirí | É | (C.1.1)<br><br>Úsáidfear réimsí ar leith le haghaidh sloinnte, inmhíreanna, teidil, etc., agus cuirfear an t-ainm in iúl i bhformáid inphriontáilte. |
| Céadainm | É | (C.1.2)<br><br>Úsáidfear réimsí éagsúla le haghaidh céadainm(neacha) agus inisealacha, agus cuirfear an t-ainm in iúl i bhformáid inphriontáilte. |
| Seoladh | É | (C.1.3)<br><br>Úsáidfear réimsí éagsúla le haghaidh na sráide, uimhir an tí agus an ainnéacs, an chóid poist, na háite cónaithe, na tíre |

[3] É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach
[4] Cód comhchuibhithe, féach Treoir 1999/37/CE.
[5] É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach
[6] Cód comhchuibhithe, féach Treoir 1999/37/CE.

| | | |
|---|---|---|
| | | cónaithe, etc., agus cuirfear an seoladh in iúl i bhformáid inphriontáilte. |
| Inscne | R | Fireann, baineann |
| Dáta breithe | É | |
| Eintiteas dlíthiúil | É | Duine aonair, comhlachas, cuideachta, gnóthas, etc. |
| Áit Bhreithe | R | |
| Uimhir Aitheantais | R | Aitheantóir lena sainaithnítear an duine nó an chuideachta. |
| Sonraí a bhaineann le húinéirí na feithicle | | (C.2) Baineann na sonraí le húinéir na feithicle. |
| Ainm (cuideachta) an úinéara | É | (C.2.1) |
| Céadainm | É | (C.2.2) |
| Seoladh | É | (C.2.3) |
| Inscne | R | Fireann, baineann |
| Dáta breithe | É | |
| Eintiteas dlíthiúil | É | Duine aonair, comhlachas, cuideachta, gnóthas, etc. |
| Áit Bhreithe | R | |
| Uimhir Aitheantais | R | Aitheantóir lena sainaithnítear an duine nó an chuideachta. |
| | | Ní thabharfar aon fhaisnéis faoin úinéir/sealbhóir i gcás dramhfheithiclí, feithiclí nó uimhirphlátaí a goideadh, ná clárúchán feithicle atá as dáta. Ina ionad sin, tabharfar an teachtaireacht 'Faisnéis nár nochtadh'. |

⇩ nua

# IARSCRÍBHINN III

**TEIMPLÉAD DON LITIR FAISNÉISE**

dá dtagraítear in Airteagal 7

[Leathanach clúdaigh]

…………………………………………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………………………………………

[Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an tseoltóra]

…………………………………………………………………………………………………………………………
…………………………………………………………………………………………………………………………

[Ainm agus seoladh an tseolaí]

LITIR FAISNÉISE

maidir leis an mainneachtain táille bóthair a íoc a rinneadh in

[ainm an Bhallstáit ar ar
a chríoch a tharla an mhainneachtain táille bóthair a
íoc]

………………………………………………………………

An ................................................níor íocadh táille bóthair don fheithicil dar cláruimhir

[dáta]

uimhir ................................................ déanamh .................. samhail ...................................................................

Is é XXXXXXXXXXXXXXX a bhraith na mainneachtana ............................................................................................

[ainm an chomhlachta is freagrach]

[Rogha 1](1)

Is tusa atá cláraithe i gcáil úinéara an deimhnithe clárúcháin a bhaineann leis an bhfeithicil thuasluaite.

[Rogha 2](1)

Thug sealbhóir an deimhnithe clárúcháin a bhaineann leis an bhfeithicil thuasluaite le fios gur tusa a bhí ag tiomáint na feithicle sin tráth a rinneadh an mhainneachtain táille bóthair a íoc.

Tá cur síos ar leathanach 3 thíos ar na sonraí a bhaineann leis an mainneachtain táille bóthair a íoc.

De thoradh na mainneachtana táille bóthair a íoc, tá pionós airgeadais dlite dar luach ....... EUR/airgeadra náisiúnta.

Ní mór an íocaíocht a dhéanamh faoin: ........................................................................................................

Ár gcomhairle duit an fhoirm fhreagartha faoi iamh (leathanach 4) a líonadh agus í a chur chuig an seoladh a luaitear, mura n-íocann tú an pionós airgeadais seo.

Déanfar an litir seo a phróiseáil i gcomhréir le dlí náisiúnta na tíre seo: ....................................................................

[ainm an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain táille bóthair a íoc].

Leathanach 3

Na sonraí a bhaineann leis an mainneachtain táille bóthair a íoc

(a) Sonraí maidir leis an bhfeithicil a bhí in úsáid tráth na mainneachtana táille bóthair a íoc:

Uimhir chlárúcháin: ....................................................................... ……………………………………….

Ballstát an chlárúcháin: ................................................................ ……………………………………….

Déanamh agus samhail: ............................................................... ……………………………………….

(b) Sonraí a bhaineann leis an mainneachtain táille bóthair a íoc:

Áit, dáta agus am na mainneachtana táille bóthair a íoc:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Cineál agus aicmiú dlíthiúil na mainneachtana táille bóthair a íoc:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Tuairisc mhionsonraithe ar an mainneachtain táille bóthair a íoc:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Tagairt don fhoráil nó do na forálacha dlí is ábhartha:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Tuairisc ar an bhfianaise, nó tagairt don fhianaise, maidir leis an mainneachtain táille bóthair a íoc:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

(c) Sonraí maidir leis an bhfeiste lenar braitheadh an mhainneachtain táille bóthair a íoc (2):

Sonraíocht na feiste:

...............................................................................................................................................
...............................................................................................................................................
......

Uimhir aitheantais na feiste:

...............................................................................................................................................
...............................................................................................................................................
......

Dáta éagtha an chalabraithe is déanaí:

...............................................................................................................................................
...............................................................................................................................................
......

(2) Scriostar í sa chás nach bhfuil feidhm léi.

(3) Ní bhaineann seo le hábhar sa chás nár úsáideadh aon fheiste.

Leathanach 4

Foirm fhreagartha

(líontar le ceannlitreacha í)

A. Céannacht an tiománaí:
— Ainm iomlán:

………………………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………

— Áit bhreithe agus dáta breithe:

……………………………………………………………………………………………………………………………
…

— Uimhir an cheadúnais tiomána: ....................arna eisiúint an (dáta):................................ in (áit):………………………..

—
Seoladh:……………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………………
………..

B. Ceisteanna:

1. An faoi d'ainmse atá an fheithicil dar déanamh , dar cláruimhir , a cláraíodh in

cláraithe? ................................................is ea/ní hea ([1])

Murab ea, tabhair sonraí shealbhóir an deimhnithe clárúcháin: ................................................................

(sloinne, céadainm, seoladh)

2. An nglacann tú leis nár íoc tú táille bóthair a bhí dlite? glacaim/ní ghlacaim (1)

3. Mura nglacann tú leis, mínigh cén fáth:

……………………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………………
……

Líontar an fhoirm seo agus cuirtear chuig an údarás seo a leanas í laistigh de 60 lá ó dháta na litreach faisnéise: .............................................................................................................................................

ag an seoladh seo a leanas: .........................................................................................................................

FAISNÉIS

Is é údarás inniúil..........................................................................................................................................

[ainm an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain táille bóthair a íoc] a scrúdóidh an cás seo.

Mura leanfar den chás seo, cuirfear sin in iúl duit laistigh de 60 lá tar éis don fhoirm fhreagartha a bheith faighte.

([1]) Scriostar an rogha nach bhfuil feidhm léi.

Má leantar den chás seo, is é seo a leanas an nós imeachta lena mbaineann:

……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………………………………
………………………………………………………………………………

[le líonadh ag an mBallstát ar ar a chríoch a tharla an mhainneachtain táille bóthair a íoc – cén nós imeachta a leanfar, lena n-áirítear sonraí faoin bhféidearthacht agus faoin nós imeachta achomhairc i gcoinne an chinnidh leanúint den chás. Cuimseoidh na sonraí sin an méid seo a leanas i ngach cás: ainm agus seoladh an údaráis a bhfuil sé faoina chúram leanúint den chás; an dáta don íocaíocht; ainm agus seoladh an chomhlachta achomhairc lena mbaineann; an spriocdháta don achomharc].

Ní bhaineann aon iarmhairtí dlí leis an litir seo inti féin.

▼ Ceartúchán, IO L 200, 7.6.2004, lch. 50 (oiriúnaithe)

**⌦IARSCRÍBHINN IV⌫**

**⌦ Liosta na dteicneolaíochta a cheadaítear lena n-úsáid i gcórais leictreonach dola bóthair chun idirbhearta dola leictreonaigh a dhéanamh ⌫**

⌦ 1. suí satailíte; ⌫

⌦ 2. cumarsáid mhóibíleach; ⌫

⌦ 3. teicneolaíocht micreathonnta 5,8 GHz. ⌫

▼

**IARSCRÍBHINN V**

Cuid A

Treoir aisghairthe maille leis an leasú uirthi
(dá dtagraítear in Airteagal 13)

| | |
|---|---|
| Treoir 2004/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | IO L 166, 30.4.2004, lch. 124 |
| Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | IO L 87, 31.3.2009, lch. 109 |

Cuid B

Teorainn ama don trasuí sa dlí náisiúnta
(dá dtagraítear in Airteagal 13)

| Treoir | Teorainn ama don trasuí |
|---|---|
| Treoir 2004/52/CE | 20 Samhain 2005 |

_____________

**Iarscríbhinn VI**

Tábla Comhghaoil

| Treoir 2004/52/CE | An Treoir seo |
| --- | --- |
| Airteagal 1(1) | Airteagal 1(1), an chéad fhomhír |
| — | Airteagal 1(1), an dara fomhír |
| Airteagal 1(2), na focail tosaigh | Airteagal 1(2), na focail tosaigh |
| Airteagal 1(2)(a) | Airteagal 1(2)(a) |
| Airteagal 1(2)(b) | — |
| Airteagal 1(2)(c) | Airteagal 1(2)(b) |
| — | Airteagal 1(2)(c) |
| Airteagal 1(3) | Airteagal 1(3) |
| — | Airteagal 2 |
| Airteagal 2(1) | Airteagal 3(1), an chéad fhomhír |
| — | Airteagal 3(1), an dara fomhír |
| Airteagal 2(2), an chéad abairt | — |
| — | Airteagal 3(2) |
| Airteagal 2(2), an dara habairt agus an tríú habairt | Airteagal 3(3) |
| Airteagal 2(2), an ceathrú habairt | — |
| — | Airteagal 3(4) |
| — | Airteagal 3(5) |
| Airteagal 2(3) | — |
| Airteagal 2(4) | — |
| Airteagal 2(5) | — |
| Airteagal 2(6) | — |
| Airteagal 2(7) | Airteagal 3(6) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 3(1) | — |
| Airteagal 3(2), an chéad abairt | — |
| Airteagal 3(2), an dara habairt | — |
| Airteagal 3(2), an tríú habairt | Airteagal 4(2) |
| Airteagal 3(3) | Airteagal 4(3) |
| Airteagal 3(4) | — |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 4(2) | — |
| Airteagal 4(3) | Airteagal 4(4) |
| Airteagal 4(4) | — |
| Airteagal 4(5) | — |
| Airteagal 4(6) | — |
| Airteagal 4(7) | Airteagal 4(5) |
| Airteagal 4(8) | Airteagal 4(6) |
| Airteagal 5 | — |
| — | Airteagal 5 |
| — | Airteagal 6 |
| — | Airteagal 7 |
| — | Airteagal 8 |
| — | Airteagal 9 |
| — | Airteagal 10 |
| — | Airteagal 11 |
| Airteagal 6 | Airteagal 12(1) |
| — | Airteagal 12(2) |
| | Airteagal 13 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 7 | Airteagal 14 |
| Airteagal 8 | Airteagal 15 |
| Iarscríbhinn | Iarscríbhinn I |
| — | Iarscríbhinn II |
| — | Iarscríbhinn III |
| — | Iarscríbhinn IV |
| — | Iarscríbhinn V |
| — | Iarscríbhinn VI |